**Leasú 77**
**Hélène Laporte, Gunnar Beck**
thar ceann Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0015/2021**
**Sven Giegold**
Comhar riaracháin i réimse an chánachais
(COM(2020)0314 – C9-0213/2020 – 2020/0148(CNS))

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Tá sé tábhachtach freisin athmhachnamh a dhéanamh ar an bpróiseas faireacháin maidir le meastóireacht a dhéanamh ar Threoir 2011/16/AE, nach bhfuil iomlán éifeachtach fad a bhaineann le sonraí faoi shochair a bhailiú, go háirithe i ngeall ar an easpa sonraí atá ar fáil.*** |

Or. en

**Leasú 78**
**Hélène Laporte**
thar ceann Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0015/2021**
**Sven Giegold**
Comhar riaracháin i réimse an chánachais
(COM(2020)0314 – C9-0213/2020 – 2020/0148(CNS))

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) De bhun Airteagal 5 de Threoir 2011/16/AE tar éis iarraidh ó údarás iarrthach, tá ar an údarás iarrtha le cur in iúl don údarás iarrthach aon fhaisnéis dá bhfuil ina sheilbh aige, nó aon fhaisnéis a fhaigheann sé mar thoradh ar fhiosruithe riaracháin, faisnéis atá ábhartha go hintuartha maidir le dlíthe náisiúnta na mBallstát a bhaineann leis na cánacha a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin a riar agus a fhorfheidhmiú. Chun éifeachtacht na malartuithe faisnéise a áirithiú agus diúltuithe d'iarrataí gan údar maith a chosc, agus chun gurb ann don tsoiléireacht dhlíthiúil agus don deimhneacht dhlíthiúil chomh maith le haghaidh córais riaracháin chánach agus cáiníocóirí, ba cheart an caighdeán ábharthachta intuartha a bheith sainithe go soiléir. Sa chomhthéacs sin, ba cheart é a shoiléiriú chomh maith nár cheart feidhm a bheith ag an gcaighdeán ábharthachta intuartha maidir le hiarrataí ar fhaisnéis bhreise tar éis malartú faisnéise i gcomhréir le hAirteagal 8a de Threoir 2011/16/AE maidir le réamhrialú trasteorann nó réamh-chomhaontú praghsála. | (3) De bhun Airteagal 5 de Threoir 2011/16/AE tar éis iarraidh ó údarás iarrthach, tá ar an údarás iarrtha aon fhaisnéis dá bhfuil ina sheilbh aige a chur in iúl don údarás iarrthach, nó aon fhaisnéis a fhaigheann sé mar thoradh ar fhiosruithe riaracháin, faisnéis atá ábhartha go hintuartha maidir le dlíthe náisiúnta na mBallstát a bhaineann leis na cánacha a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin a riar agus a fhorfheidhmiú***. D'fhéadfadh éagsúlachtaí idir na Ballstáit a mhéid a bhaineann le forfheidhmiú fhorálacha Threoir 2011/16/AE a bheith ina mbac ar chórais riaracháin chánach agus iad i mbun comhar le córais riaracháin chánach Ballstát eile***. Chun éifeachtacht na malartuithe faisnéise a áirithiú agus diúltuithe d'iarrataí gan údar maith a chosc, agus chun gur ann don tsoiléireacht dhlíthiúil agus don deimhneacht dhlíthiúil chomh maith le haghaidh córais riaracháin chánach agus cáiníocóirí, ba cheart an caighdeán ábharthachta intuartha a bheith sainithe go soiléir. Sa chomhthéacs sin, ba cheart é a shoiléiriú chomh maith nár cheart feidhm a bheith ag an gcaighdeán ábharthachta intuartha maidir le hiarrataí ar fhaisnéis bhreise tar éis malartú faisnéise i gcomhréir le hAirteagal 8a de Threoir 2011/16/AE maidir le réamhrialú trasteorann nó réamh-chomhaontú |

praghsála.

Or. en

**Leasú 79**
**Hélène Laporte**
thar ceann Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0015/2021**
**Sven Giegold**
Comhar riaracháin i réimse an chánachais
(COM(2020)0314 – C9-0213/2020 – 2020/0148(CNS))

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Ós rud é go mbíonn sreabhadh trasteorann ag formhór ioncam agus méideanna inchánacha na ndíoltóirí ar ardáin dhigiteacha, bheadh torthaí dearfacha breise ann ar thuairisciú na faisnéise a bhaineann leis an ngníomhaíocht ábhartha dá gcuirfidh seo in iúl do na Ballstáit incháilithe chun cáin a ghearradh ar an ioncam a thuilltear. Go háirithe, tá uathmhalartú faisnéise idir na húdaráis chánach ríthábhachtach chun an fhaisnéis is gá a chur ar fáil do na húdaráis sin chun cur ar a gcumas cánacha ioncaim dlite agus CBL dlite a mheasúnú go hiomchuí. | (8) Ós rud é go mbíonn sreabhadh trasteorann ag formhór ioncam agus méideanna inchánacha na ndíoltóirí ar ardáin dhigiteacha, bheadh torthaí dearfacha breise ann ar thuairisciú na faisnéise a bhaineann leis an ngníomhaíocht ábhartha dá gcuirfí an méid sin in iúl do na Ballstáit incháilithe chun cáin a ghearradh ar an ioncam a thuilltear***, ós rud é go mbíonn neamhdhearbhú ioncaim ag díoltóirí, ar ioncam é a fhaightear trí ardáin dhigiteacha, ina chúis le caillteanas suntasach ioncaim cánach do na Ballstáit***. Go háirithe, tá uathmhalartú faisnéise idir na húdaráis chánach ríthábhachtach chun an fhaisnéis is gá a chur ar fáil do na húdaráis sin chun cur ar a gcumas cánacha ioncaim dlite agus CBL dlite a mheasúnú go hiomchuí. |

Or. en

**Leasú 80**
**Marco Zanni, Francesca Donato, Valentino Grant, Antonio Maria Rinaldi, Gunnar Beck, Hélène Laporte**
thar ceann Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0015/2021**
**Sven Giegold**
Comhar riaracháin i réimse an chánachais
(COM(2020)0314 – C9-0213/2020 – 2020/0148(CNS))

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) D'fhéadfaí an cuspóir maidir le cosc ar imghabháil agus ar sheachaint cánach a áirithiú trí cheangal a chur ar oibreoirí ardán digiteach ioncam a thuilltear trí ardáin a thuairisciú go luath, sula ndéanfaidh na húdaráis chánach náisiúnta a measúnuithe cánach bliantúla. Chun obair údaráis chánach na mBallstát a éascú, ba cheart an fhaisnéis tuairiscithe a bheith malartaithe laistigh d'aon mhí amháin tar éis an tuairiscithe. D'fhonn uathmhalartú faisnéise a éascú agus úsáid éifeachtúil acmhainní a fheabhsú, ba cheart malartuithe a dhéanamh go leictreonach tríd an líonra cumarsáide coiteann ("CCN") arna fhorbairt ag an Aontas. | (15) D'fhéadfaí an cuspóir maidir le cosc ar imghabháil agus seachaint cánach a áirithiú trí cheangal a chur ar oibreoirí ardán digiteach ioncam a thuilltear trí ardáin a thuairisciú go luath, sula ndéanfaidh na húdaráis chánach náisiúnta a measúnuithe cánach bliantúla. Chun obair údaráis chánach na mBallstát a éascú, ba cheart an fhaisnéis tuairiscithe a bheith malartaithe laistigh d'aon mhí amháin tar éis an tuairiscithe. D'fhonn uathmhalartú faisnéise a éascú agus úsáid éifeachtúil acmhainní a fheabhsú, ba cheart malartuithe a dhéanamh go leictreonach tríd an líonra cumarsáide coiteann ('CCN') arna fhorbairt ag an Aontas. ***Chun ualaigh mhaorlathacha bhreise ar FBManna a sheachaint, ba cheart go bhféadfadh oibreoirí ardán digiteach ar lú ná EUR 50 milliún a n-ioncam bliantúil ar an leibhéal domhanda agus ar lú ná EUR 10 milliún a n-ioncam bliantúil ar leibhéal an Aontais leanúint, gan costais bhreise, de shonraí a thuairisciú do na húdaráis náisiúnta trí na modhanna agus na huirlisí atá ar bun cheana faoi dhlíthe na mBallstát.*** |

Or. en

**Leasú 81**
**Hélène Laporte, Gunnar Beck**
thar ceann Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0015/2021**
**Sven Giegold**
Comhar riaracháin i réimse an chánachais
(COM(2020)0314 – C9-0213/2020 – 2020/0148(CNS))

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Tá sé fíor-riachtanach sonraí pearsanta a mhalartaítear idir na Ballstáit faoi Threoir 2011/16/AE a chosaint go héifeachtach. Má bhíonn sárú ann ar shonraí pearsanta de réir bhrí phointe 12 d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] i mBallstát amháin nó níos mó, ba cheart do na Ballstáit, mar chomhrialaitheoirí na sonraí, a chinneadh an gceanglaítear leis an sárú sin malartuithe faisnéise a chur ar fionraí leis an mBallstát nó leis na Ballstáit inar tharla an sárú agus ar cheart a iarraidh ar an gCoimisiún, mar phróiseálaí, na malartuithe sin a chur ar fionraí. Ba cheart go mairfeadh an fionraí go dtí go n-iarrfadh na Ballstáit ar an gCoimisiún na malartuithe faisnéise faoi Threoir 2011/16/AE a chumasú arís leis an mBallstát inar tharla an sárú. | (25) Tá sé fíor-riachtanach na sonraí pearsanta a mhalartaítear idir na Ballstáit faoi Threoir 2011/16/AE***, go háirithe na sonraí i ndáil le sainchumais na mBallstát i gcúrsaí cánach,*** a chosaint go héifeachtach. Má bhíonn sárú ann ar shonraí pearsanta de réir bhrí phointe 12 d’Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] i mBallstát amháin nó níos mó, ba cheart do na Ballstáit, mar chomhrialaitheoirí na sonraí, a chinneadh an gceanglaítear leis an sárú sin malartuithe faisnéise a chur ar fionraí leis an mBallstát nó leis na Ballstáit inar tharla an sárú agus ar cheart a iarraidh ar an gCoimisiún, mar phróiseálaí, na malartuithe sin a chur ar fionraí. Ba cheart go mairfeadh an fionraí go dtí go n-iarrfadh na Ballstáit ar an gCoimisiún na malartuithe faisnéise faoi Threoir 2011/16/AE a chumasú arís leis an mBallstát inar tharla an sárú. |
| Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta | [24] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta |



Aontaithe san éagsúlacht

| | |
|---|---|
| maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1). | maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1). |

Or. en